2025/1281

27.6.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1281 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Meitheamh 2025

lena leasaítear Cinneadh 2013/233/CBES maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/233/CBES ([1]) lena mbunaítear Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya).

(2) An 26 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1305 ([2]), lena ndéantar sainordú EUBAM Libya a oiriúnú agus lena gcuirtear síneadh leis go dtí an 30 Meitheamh 2025.

(3) An 16 Aibreán 2025, i gcomhthéacs an athbhreithnithe straitéisigh ar EUBAM Libya, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart síneadh dhá bhliain, a chur le sainordú an mhisin sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/233/CBES a leasú dá réir sin.

(5) Cuirfear EUBAM Libya i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar ghnóthú chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo Cinneadh 2013/233/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 13(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Is é EUR 51 969 371,38 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun caiteachas EUBAM Libya a chumhdach ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2027.';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:

'*Airteagal 16*

Teacht i bhfeidhm agus ré

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige go dtí an 30 Meitheamh 2027.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) Cinneadh 2013/233/CBES ón gComhairle an 22 Bealtaine 2013 maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) (IO L 138, 24.5.2013, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/233(1)/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/1305 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2023 lena leasaítear Cinneadh 2013/233/CBES maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) (IO L 161, 27.6.2023, lch. 68, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1305/oj).

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. SZŁAPKA